

Treoir d'eagraíochtaí a Fuair Sonraí Pearsanta de Thimpiste

Tá méadú ag teacht in aghaidh an lae ar na cúiseanna a thugaimid agus a fhaighimid sonraí pearsanta agus tá an líon de shonraí pearsanta atáthar a phróiseáil agus a scaipeadh ag daoine aonair agus ag eagraíochtaí ag méadú an t-am ar fad. De réir cosúlachta is léir go mbeidh sonraí pearsanta i seilbh eagraíochtaí de thimpiste, sonraí nach raibh súil acu ná nach raibh rún acu go mbeadh orthu plé a bheith acu leo. Mar shampla:

- Faigheann eagraíocht litir nó pacáiste ar a bhfuil an seoladh mícheart mar gheall ar bhotún i seomra poist an tseoltóra;
- Cuireann custaiméir, a bhfuil sé i gceist aige grianghraf de tháirge atá lochtach a uaslódáil, grianghraf óna chuid laethanta saoire ar aghaidh de thimpiste ina áit;
- Cuirtear sonraí pearsanta ar aghaidh chuig an duine mícheart mar gheall go mbaintear úsáid as an bhfeidhm chun seoladh ríomhphoist a chomhlánú go huathoibritheach ar bhealach míchúramach;
- Fágann cuairteoir chuig oifig páipéarachas pearsanta nó méaróg chuimhne USB ina ndiaidh gan chuimhneamh.

Ní mór go mbeadh eagraíocht, cibé san earnáil phoiblí, phríobháideach nó dheonach iad, a bheith ar an eolas faoi go bhféadfadh sé tarlú go mbeadh sonraí pearsanta ina seilbh de thimpiste. De réir an tsainmhínithe leathain a thugtar ar 'phróiseáil' in [Airteagal 4\(2\) den GDPR](#) tá feidhm ag an GDPR nuair a osclaítear, nuair a seoltar, nuair a ghiantar nó fiú má stóráiltear sonraí pearsanta a fuarthas gan sin a bheith beartaithe.

Ní mór d'eagraíocht a fhaigheann smacht ar shonraí pearsanta – fiú más go neamh-mhailíseach nó de thimpiste a tharla sin – déileáil leis ar bhealach a léiríonn meas ar a cuid [oibleagáidí mar rialaitheoir sonraí](#). Ní fhéadfaidh an eagraíocht sin na sonraí a phróiseáil – trína léamh, trína sheoladh, trí eagarthóireacht a dhéanamh air, agus trína stóráil – mura bhfuil feidhm ag ceann nó níos mó den [sé bhunús dlí](#) atá liostaithe in [Airteagal 6 den GDPR](#):

1. **Toiliú:** tá toiliú soiléir tugtha ag an ábhar sonraí do d'eagraíocht a shonraí pearsanta a phróiseáil chun críche *ar leith*;
2. **Conradh:** tá an phróiseáil riachtanach chun conradh atá ag d'eagraíocht leis an ábhar sonraí a chomhlíonadh;

3. **Oibleagáid dlí:** tá an phróiseáil riachtanach chun go mbeidh d'eagraíocht ag comhlíonadh an dlí;
4. **Leasanna ríthábhachtacha:** tá an phróiseáil riachtanach chun beatha duine aonair a chosaint;
5. **Leas an phobail:** tá an phróiseáil riachtanach chun go mbeidh tú ábalta tasc atá ar mhaithe le leas an phobail nó do chuid feidhmeanna oifigiúil a chur i gcrích, agus gur tasc nó feidhm atá i gceist lena mbaineann bunús soiléir dlí.
6. **Leas dlisteanach:** tá an phróiseáil riachtanach maidir le leasanna dlisteanacha atá ag d'eagraíocht nó ag tríú páirtí agus sáraíonn siad seo leasanna iomaíochta ar bith atá ag an ábhar sonraí. (Níl sé seo ar fáil d'údaráis phoiblí a bhíonn i mbun sonraí a phróiseáil chun a dtascanna oifigiúla a thabhairt i gcrích.)

Má bhaineann na sonraí le ceann de na catagóirí speisialta sonraí atá liostaithe in [Airteagal 9\(1\) den GDPR](#), tá tuilleadh srianta i gceist leis an mbunús dlí. Áirítear sonraí pearsanta a bhaineann leis na nithe seo a leanas ar na catagóirí speisialta:

- Bunús eitneach nó cine;
- Tuairimí polaitiúla;
- Creidimh reiligiúnach nó fealsúnachta;
- Ballraíocht ceardchumainn;
- Sonraí bithmhéadracha trína n-aithnítear duine go huathúil;
- Sonraí sláinte; agus
- Saol gnéis nó claonadh gnéis.

Ba cheart go mbeadh rialaitheoir sonraí atá i seilbh sonraí ó na catagóirí speisialta ar an eolas maidir leis na hardchaighdeáin cosanta atá leagtha amach ina leith sa dlí cosanta sonraí agus cúram ar leith a ghlacadh meas a léiriú ina leith.

Sa chás go mbíonn smacht ag eagraíocht ar shonraí agus gan aon bhunús dlí aici sin a phróiseáil, níor cheart go ndéanfadh sí drochscéal níos measa. D'fhéadfadh gníomh rialála, lena n-áirítear imscrúduithe, smachtbhannaí riaracháin agus lonchúiseamh coiriúil a theacht chun cinn mar gheall ar shonraí pearsanta a phróiseáil go mídhleathach agus tarlaíonn sin. Is féidir le hábhair sonraí caingean shibhialta a thabhairt i ndáil le sárú ar dhlí cosanta sonraí.

Molann an Coimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) go nglacfadh eagraíochtaí atá i seilbh sonraí pearsanta de thimpiste céimeanna go pras chun an rialaitheoir sonraí ceart a aithint agus an sárú a chur i gceart. Ba cheart sin a dhéanamh ar bhealach nach gcuireann isteach an iomarca ar chúrsaí nó lena mbaineann an méid is lú nochtadh.

- Tabhair freagra ar an toirt, ar ríomhphost a bhfuil an seoladh mícheart leis, á chur sin in iúl don seoltóir agus glan an chóip atá faighte agat go buan gan aon cheangaltán a oscailt.

- Más féidir, úsáid an postmharc, lipéad nó ceann litreach chun an té a sheol an litir nó pacáiste ar a bhfuil an seoladh mícheart a aithint. Ná léigh ábhar nach mbaineann leat.
- Má choimeádann tú ábhair agus tú ag feitheamh ar an rialaitheoir dleathach, déan na sonraí a choimeád in áit shlán chun nach féidir teacht orthu nó iad a bhaint de bhotún.

Murar féidir an rialaitheoir ceart a aithint ná teagmháil a dhéanamh leis is féidir leat [teagmháil a dhéanamh leis an DPC](#). Déanfaimid iarracht cuidiú leat an rialaitheoir sonraí ceart a aithint ar mhaithe leis an tsárú a réiteach.

Cuirfidh an DPC comhairle ar an rialaitheoir chomh luath agus aithnítear é maidir lena oibleagáidí faoi [Airteagal 33 den GDPR](#) nuair is cuí.